

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN BRAINSE BUNOIDEACHAIS

CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS AN FHOIREANN TEAGAISC AR FAD I MBUNSCOILEANNA

Sinsearacht Bhunmhúinteoirí

1. Réamhrá

- 1.1 Tá leasú déanta ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta ar na critéir do shinsearacht mhúinteoirí buana i mBunscoileanna.
- 1.2 Tá téarmaí Rialacha 96 agus 98 (1) de na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta leasaithe leis seo.

2. Tábhacht Sinsearachta

- 2.1 Cinneann an t-ord a gceaptar múinteoirí ranga príomhshrutha chuig scoil sinsearachta na múinteoirí. Tá sinsearacht tábhachtach chun incháilitheacht mhúinteoirí do phost gníomhach freagrachta a chinneadh agus chun an t-ord ina mbíonn múinteoirí incháilithe le cur ar phainéal a chinneadh nuair a thiteann figiúirí rollaithe an oiread sin gur gá deireadh a chur le post.

3. Freagracht an Bhoird Bhainistíochta

- 3.1 Cinneann an Bord Bainistíochta, bunaithe ar an dáta a dtosaíonn an múinteoir i mbun dualgais i scoil in acmhainn bhuan, sinsearacht na múinteoirí. Eisceacht dó sin ná nuair a bhíonn an múinteoir ar neamhláithreachta reachtúil nuair a cheaptar é nó í i bpost m.sh. ar shaoire mháithreachais, ar shaoire uchtaíoch etc., i gcásanna den sórt sin tosaíonn sinsearacht an mhúinteora ón dáta a gceaptar é nó í chuig an bpost.
- 3.2 A luaithe a mbíonn ord sinsearachta an mhúinteora bunaithe ag an mBord ní féidir é a athrú gan cead roimh ré ón bPátrún.
- 3.3 Ba chóir do gach Bord Bainistíochta a chinntiú go mbíonn liostú sinsearachta múinteoirí curtha suas ar chláir fógraíochta na foirne gach Meán Fómhair. Mura mbíonn a sinsearacht bunaithe do mhúinteoirí sula gceaptar iad ba chóir dóibh

ráiteas ar ord sinsearachta a iarraidh ar an mBord nuair a thosaíonn siad i mbun dualgais sa scoil.

4. Rialacha chun Sinsearachta a Chinneadh

- 4.1 Is é nó í an Príomhoide an mhúinteoir is sinsearaí i scoil i gcónaí, beag beann ar an bhfad seirbhíse a thugtar i scoil.
- 4.2 Féach Roinn 6 thíos le do thoil i ndáil le sinsearachta Phríomhoide a scarann le post mar Phríomhoide.
- 4.3 Ní chomhaireann seirbhís a tugadh roimhe sin sa scoil céanna mar mhúinteoir ionadaíochta nó sealadach (cáilithe nó neamhcáilithe) i dtreo sinsearachta.
- 4.4 Ní thosóidh céim mhúinteora bhuan chun críche sinsearachta ach amháin ón dáta a mbíonn an mhúinteoir sin láncháilithe.
- 4.5 Má thosaíonn beirt mhúinteoirí bhuan, nó níos mó, i mbun dualgais ar an lá céanna, ba chóir don Bhord Bainistíochta a n-ord sinsearachta a bhunú bunaithe ar an ord a raibh na múinteoirí liostaithe mar thoradh ar phróiseas agallaimh i.e. ba chóir go dtabharfaí céim sinsearachta níos airde don mhúinteoir a raibh an chéim is airde aige nó aici tar éis an phróisis agallaimh,
- 4.6 Má fhágann mhúinteoir buan scoil, cibé go deonach nó ar ath-implonú, agus go n-athcheaptar chun na scoile arís é nó í in acmhainn bhuan ag dáta níos déanaí ansin ní thosóidh sinsearachta an mhúinteora ach amháin ó dháta an athcheapacháin.
- 4.7 Áirítear seirbhís roinnt poist mar sheirbhís iomlán chun críche sinsearachta. Ní dhéanann neamhláithreachtaí údaraithe m.sh. sos gairme, saoire mháithreachtais, saoire uchtaíoch, saoire athartha, saoire do thuismitheoirí, saoire bhreiteachta difear do shinsearachta mhúinteora.

5. Sinsearachta i Scoil Chónasctha

- 5.1 I gcás scoile cónasctha, i gcás go mbíonn seirbhís leanúnach bhuan gan briseadh tugtha ag mhúinteoir i gceann nó níos mó de na scoileanna atá á gcónascadh, déanfar comhiomlán na seirbhíse sin a áireamh nuair a bhíonn sinsearachta á chinneadh.
- 5.2 Coinneoidh príomhoide/príomhoidí a fhaigheann post mar chúntóir/chúntóirí faoi phribhléid sa scoil chónasctha céim sinsearachta is neasa don Phríomhoide, beag beann ar an bhfad seirbhíse iarbhír ina scoil(eanna) roimhe sin. I gcás go mbíonn níos mó ná chúntóir faoi phribhléid amháin ann, is é an fad seirbhíse mar Phríomhoide sa scoil roimhe sin a chinnfidh ord sinsearachta. (Tosóidh sinsearachta chúntóra faoi phribhléid a bhíonn ath-implonaithe tríd an bpainéal nó a théann go deonach isteach i scoil ón dáta a nglacann sé nó sí dualgas sa scoil nua).

6. Sinsearachta Phríomhoide a scarann le post mar Phríomhoide

- 6.1 Ní fhéadfaidh Príomhoide scaradh le post mar Phríomhoide ach amháin sa chás go mbíonn folúntas buan sa scoil. I gcás go scarann Príomhoide le post mar Phríomhoide bíonn sé/sí ansin ar an mhúinteoir is sóisearaí sa scoil. Ní chomhaireann seirbhís a tugadh roimhe sin mar Phríomhoide sa scoil chun críocha sinsearachta.

7. Painéal Soláthair

- 7.1 Mar a thugtar le fios i [gCiorclán 50/97](#) ní dhéanfar múinteoir soláthair a ath-implonnú go héigeantach chuig painéal ath-implonnaithe (fiú más iad an múinteoir is sóisearaí sa scoil iad) ach amháin i gcomhthéacs go n-aistarraingítear an tseirbhís soláthair ón óstscóil nó go ndéantar iarratas, tar éis dhá bhliain d'obair sholáthair a thabhairt chun críche, ar iad a chur isteach ar phainéal ath-implonnaithe a bheidh oiriúnach don óstscóil.
- 7.2 Mar a thugtar le fios i [gCiorclán 12/02](#) ba chóir go sannfaí céim sinsearachta do gach múinteoir soláthair arna gceapadh an 1 Aibreán 2002, nó ina dhiaidh sin, ag tráth a gceapacháin chuig an scoil bhoinn ar an ngnáthshlí. Ba chóir céim sinsearachta a shannadh do mhúinteoirí soláthair a ceapadh roimh an 1 Aibreán 2002 amhail gur ceapadh chun na scoile iad an 1 Aibreán 2002. Tá sé seo riachtanach lena chinntiú nach ndéanfar aon dochar do chéim sinsearachta aon duine den fhoireann phríomhshrutha reatha ag an tráth a lánpháirteofar an múinteoir soláthair chuig an bhfoireann scoile chun críocha sinsearachta. Is beag éifeacht phraiticiúil a bheidh ag céim den sórt sin a fhad a fhanann an múinteoir ar dhualgais soláthair, mar sin féin, i gcás go n-aistríonn múinteoir soláthair, le toiliú an Bhoird, go dtí dualgais phríomhshrutha sa scoil bhoinn beidh lán-éifeacht ag a chéim/céim sinsearachta agus léireofar a sheirbhís/seirbhís iomlán sa scoil.
- 7.3 Nuair a bhíonn ceapacháin á ndéanamh chuig foireann phríomhshrutha na scoile, ba chóir don Bhord na daoine a cheaptar a chur ar an eolas go bhfuil scéim phainéil soláthair ag gabháil leis an scoil agus go bhfuil céim sinsearachta ag múinteoirí soláthair a d'fhéadfaí a ghníomhú sa chás go n-aistríonn múinteoir soláthair ó dhualgais soláthair go dtí dualgais phríomhshrutha.

Johnny Bracken
Márta 2004
Príomhoifigeach